



An Bhruiséil, 30 Márta 2023
(OR. en)

7931/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0010(NLE)

SCH-EVAL 68
VISA 56
COMIX 154

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	28 Márta 2023
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	7243/23
Ábhar:	Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaitníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Ostair ar <i>acquis</i> Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaitníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Ostair ar *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Márta 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

MOLADH

maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Ostair ar *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buainchoiste um meastóireacht agus cur chun feidhme Schengen¹, agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí i leith na hOstaire an 29-30 Meitheamh 2022. Tar éis na meastóireachta, glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus lena liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 190 ón gCoimisiún.
- (2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí feabhais atá le glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta. I bhfianaise a thábhachtaí atá cur chun feidhme ceart na bhforálacha a bhaineann leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: iarratais ar víosaí a thaisceadh laistigh de 2 sheachtain ón dáta a iarradh an choinne; cosc a chur le rochtain a bheith ag na baill foirne atá fostaithe go háitiúil ar fhaisnéis íogair; comhlíonadh na bhforálacha a bhaineann le haga próiseála na n-iarratas agus comhlíonadh sraith forálacha a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosaí, ba cheart tosaíocht a thabhairt do mholtaí 1, 3, 4, 7-10, 18 agus 20-22 sa Chinneadh seo a chur chun feidhme.

¹ IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

- (3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát.
- (4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle² ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2022 ann. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na dtuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, agus ba cheart tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta a bheith ina thús leis an méid sin.
- (5) Laistigh de 2 mhí tar éis ghlacadh an Chinnidh, ba cheart don Ostair, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun gach moladh a chur chun feidhme agus chun na heasnamh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Ostair an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

go ndéanfaí an Ostair an méid seo a leanas:

Ginearálta

1. a áirithiú gur féidir le hiarratasóirí ar víosa a n-iarratas a thaisceadh laistigh de 2 sheachtain ón dáta a iarradh an choinne, mar shampla trí dhlús a chur leis na hiarrataí chun an fhoireann atá páirteach i bpróiseáil víosaí Schengen a threisiú agus trí theagmháil a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse seachtrach/leis na soláthraithe seirbhíse seachtracha maidir leis an gcaoi is fearr leis an am feithimh le haghaidh coinní a laghdú i gcás ina mbíonn na moilleanna ann (go príomha) de bharr go bhfuil foireann de dhíth ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha;
2. a mheas ar cheart deireadh a chur leis an gcomhairliúchán leis an Aireacht Cónaidhme Gnóthaí Baile a mhéid a bhaineann le fad bhailíocht na víosaí a eiseofar;
3. a áirithiú nach mbíonn níos mó ná 45 lá féilire i gceist le haga próiseála na n-iarratas ar víosa agus nach gcuirfear síneadh os cionn 15 lá féilire leis ach amháin i gcásanna aonair, go háirithe i gcás ina mbeidh gá le grinnscrúdú breise a dhéanamh ar an iarratas;
4. deireadh a chur leis an gcomhairliúchán le hiarratasóirí ar víosa roimh dhiúltú ‘foirmiúil’ a n-iarratas, in aon fhoirm, toisc go gcruthaíonn sé sin moill mhíchúí agus toisc nach bhfuil sé i gcomhréir leis an gCód Víosaí;

² Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

5. a áirithiú go léireoidh an córas náisiúnta TF, ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir, na sonraí ar fad a taifeadadh sa Chóras Faisnéise Víosai, lena n-áirítear tréimhse bhailíochta na víosaí a eisíodh roimhe seo;
6. a áirithiú go gcuirfear na sonraí ar fad a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008³ isteach mar is ceart sa chóras náisiúnta TF agus ina dhiaidh sin sa Lárchóras Faisnéise Víosai, lena n-áirítear seoladh baile an iarratasóra agus seoladh an fhostóra agus na díolúintí ón méarlorgaireacht;
7. an fhéidearthacht a áirithiú níos mó ná cuspóir amháin a ghabhann leis an aistear a chur isteach agus níos mó ná tír cinn scríbe amháin a chur isteach sa chóras náisiúnta TF;
8. a áirithiú go gcuirfear cinntí diúltaithe isteach sa Chóras Faisnéise Víosai gan moill mhíchui;
9. a áirithiú go mbeidh an ‘tír eisiúna’ ionchódaithe mar is ceart sa Chóras Faisnéise Víosai;
10. a áirithiú nach scriosfar iarratais a tarraingíodh siar ón gCóras Faisnéise Víosai;

Riyadh

11. a áirithiú go soláthrófar gach faisnéis ábhartha don phobal trí bhíthin an tsoláthraithe seirbhíse sheachtraigh, i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 (an Cód Víosai)⁴ lena n-áirítear faisnéis maidir le cearta na mball teaghlaigh atá ag saoránaigh soghluaiste de chuid an Aontais;
12. a áirithiú go gceadóidh an chonsalacht agus an soláthraí seirbhíse seachtrach do náisiúnaigh tríú tír a bheidh i láthair go dleathach ina dlínse ach nach bhfuil cónaí orthu inti a n-iarratais a thaisceadh sa dlínse sin, más féidir leis an iarratasóir údar cuí a thabhairt;
13. a áirithiú go léireofar sna doiciméid ábhartha (lena n-áirítear aon ‘litir chumhdaigh’ lena gcomhlánaítear an conradh), arna síniú leis an soláthraí seirbhíse seachtrach a mhéid a bhaineann lena sheirbhísí san Araib Shádach, forálacha infheidhme an Chóid Víosai, agus go háirithe forálacha Iarscríbhinn X a ghabhann leis;
14. príobháideachtas leormhaith d’iarratasóirí i limistéar feithimh an Lárionaid um Iarratais ar Víosai a áirithiú, mar shampla trí theagmháil a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse seachtrach ar mhaithe le síneadh a chur leis na huaireanta oscailte chun iarratais ar víosaí a fháil, go háirithe le linn buaicthréimhsí;
15. a áirithiú nach mbaileofar méarloirg arís, i gcás inar bailíodh iad mar chuid d’iarratas a taisceadh cheana níos lú ná 59 mí roimh an iarratas nua;

³ IO L 218, 13.8.2008

⁴ IO L 243, 15.9.2009

16. gan dhá ghrianghraf a iarraidh ar iarratasóirí;
17. gan doiciméid bhreise a iarraidh ar na hiarratasóirí nach bhfuil ar an liosta comhchuibhithe de dhoiciméid tacaíochta atá le cur ar fáil ag iarratasóirí ar víosa san Araib Shádach;
18. a áirithiú go ndéanfaidh foireann an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh agus/nó na consalachta iomláine na foirme iarratais a sheiceáil go críochnúil;
19. an chonsalacht a ullmhú ar bhealach níos fearr agus oiliúint a chur ar na baill foirne maidir le fíorú ar bharántúlacht na ndoiciméad taistil a áirithiú;
20. a áirithiú nach mbeidh rochtain ag na baill foirne atá fostaithe go háitiúil ar theachtaireachtaí glórphoist an Chórais Faisnéise Víosaí, a bhféadfadh faisnéis íogair a bheith iontu, agus nach bhfuil de dhíth chun a gcúraimí laethúla a dhéanamh;
21. a áirithiú go gcuirfear na sonraí ar fad a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008⁵ isteach mar is ceart sa chóras náisiúnta TF agus ina dhiaidh sin sa Lárchóras Faisnéise Víosaí, lena n-áirítear seoladh baile an iarratasóra agus seoladh an fhostóra agus na díolúintí ón méarlorgaireacht;
22. a áirithiú go gcomhfhreagraíonn an dáta a cuireadh isteach sa réimse maidir leis an ‘dáta imeachta atá beartaithe’ sa chóras TF leis an bhfaisnéis a thug an t-iarratasóir san fhoirm iarratais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

⁵ IO L 218, 13.8.2008.